

## Gníomhaíochtaí Daltaí: Bunphrionsabal an Chomhairimh a scrúdú. Déan in éineacht leis an gcomhad “Bunphrionsabal an Chomhairimh” ar CD an dalta.

1. Tá Seán ag ceannach cairr agus tá rogha ar 3 dhéanamh cairr aige sa réimse praghsanna a fheileann dó. Tá gach carr díobh ar fáil i gceithre dhath dhifriúla. Cá mhéad carr a gcaithfidh sé roghnú astu, mura bhfuil le cur san áireamh aige ach na roghanna sin amháin? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

---

2. Tá 5 chineál aráin agus 6 chineál líonadh ceapairí ar fáil ag an sroidchuntar. Cé mhéad ceapaire difriúil is féidir leo a thairiscint do chustaiméirí, agus gan ach 1 líonadh amháin i ngach ceapaire? (Cuimhnigh gur dhá shlisne den chineál céanna aráin a bheidh i ngach ceapaire.) Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

---

3. Tá 5 dhearadh ag monarcha T-léinte agus gach dearadh ar fáil i 6 dhath. Cá mhéad cineál difriúil T-léine is féidir leo a dhéanamh? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

---

4. Tairgeann caifé cúrsaí tosaigh, príomhchúrsaí agus milseoga. Tá 4 chineál cúrsa tosaigh acu, 6 chineál príomhchúrsa agus 5 mhilseog.

a. Cé mhéad rogha atá siad ag tairiscint dá gcustaiméirí, má ghlacann siad ar fad cúrsa tosaigh, príomhchúrsa agus milseog? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

b. Cé mhéad rogha atá ann do na custaiméirí, mura mbíonn ach cúrsa tosaigh agus príomhchúrsa ag gach custaiméir? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

5. Tá Síle le geansaí a cheannach agus tá 12 gheansaí ar fáil di le roghnú astu. Tagann gach branda geansaí i 4 dhath. Cé mhéad branda a bhfuil sí ag roghnú astu? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

---

6. Tairgeann caifé 18 rogha dá chustaiméirí, agus roghnaíonn gach custaiméir cúrsa tosaigh, príomhchúrsa agus milseog. Tá 3 phríomhchúrsa agus 2 chúrsa tosaigh ar an mbiachlár. Cé mhéad milseog dhifriúil a thairgeann an caifé? Bíodh do chuid ríomhaireachtaí le feiceáil.

---

---